DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

# CAIBIDIL 3

# CROÍSTRAITÉIS & STRAITÉIS LONNAÍOCHTA



**3.0 Croístraitéis & Straitéis Lonnaíochta**
**3.1 Réamhrá**
**3.2 An Chroístraitéis a Shonrú**
**3.3 Comhthéacs - Cén tionchar a bheidh ag Tionscadal Éireann 2040 agus RSES ar Réigiún an Deiscirt & agus ar Chontae Chiarraí**
**3.4 Prionsabail na Croístraitéise**
**3.5 Mapa na Croístraitéise**
**3.5.1 Tiománaithe Geilleagracha Straitéiseacha laistigh de Chontae Chiarraí**
**3.5.1.1 Conair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA)**
**3.5.1.2 Príomhbhailte agus Bailte Réigiúnacha**
**3.5.1.3 Mol agus Triantán Eolais Chiarraí**
**3.5.1.4 Gréasán Lonnaíochta Chiarraí Thuaidh/Iarthar Luimnigh/Inbhear na Sionainne/an Chláir**
**3.5.1.5 Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí**
**3.6 Leagan Amach agus Ábhar na Croístraitéise**
**3.7 Forbairt Inbhuanaithe ar fud an Chontae**
**3.8 Réamh-mheastacháin Daonra & Dáileadh Spásúil**
**3.9 Fás Daonra sa Todhchaí**
**3.9.1 Fás Daonra**
**3.9.2 Fás Tithíochta**
**3.9.3 Spás Cloiginn**
**3.10 Straitéis Lonnaíochta**
**3.10.1 Prionsabail na Straitéise Lonnaíochta**
**3.10.2 Ordlathas Lonnaíochta**
**3.10.3 Dáileadh Daonra**
**3.11 Criosú Talún le haghaidh Forbairt Chónaithe**
**3.12 Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HNDA)**
**3.13 Ráiteas Croístraitéise**

## 3.0 Croístraitéis & Straitéis Lonnaíochta

### 3.1 Réamhrá

Sonraítear sa Chaibidil seo an Chroístraitéis arb ionann í agus straitéis lonnaíochta agus fáis don Chontae trí chéile. Is príomhchuid den Phlean Forbartha Contae í an Chroístraitéis. Sonraítear inti, ar aon dul le ordlathas uileghabhálach pleananna náisiúnta agus réigiúnacha, agus Croíphrionsabail an Phlean Forbartha, candam agus suíomh na forbartha sa Chontae thar shaolré an Phlean. Déanfaidh sé seo foráil le haghaidh forbairt Chontae Chiarraí mar áit mhealltach, iomaíoch agus inbhuanaithe ina bhfuil cáilíocht an gheilleagair, na timpeallachta nádúrtha agus tógtha, an chultúir agus neart agus inmharthanacht na bpobal ar na caighdeáin is airde.

### 3.2 An Chroístraitéis a Shonrú

Is é aidhm na Croístraitéise straitéis fhianaisebhunaithe a shonrú le haghaidh forbairt spásúil cheantar an Phlean amach anseo. Ceanglaítear go léirítear sa Chroístraitéis go bhfuil an Plean ag teacht de réir bheartas pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach mar atá sonraithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (RSES) do Réigiún an Deiscirt, a mhéid is indéanta.

Tá **Ráitis Straitéise RSES** á gcomhlíonadh ag an bPlean ar na bealaí seo a leanas:


1. Compact Growth

Ár mbailte agus sráidbhailte a neartú agus a fhorbairt trí forbairt ar ardchaighdeán; athnuachan agus dlúthfhás; forbairt ár ngréasáin láidir bailte agus tacú lenár sráidbhailte agus ceantair thuaithe


2. Enhanced Regional Accessibility

Inrochtaineacht réigiúnach agus contae a fheabhsú trí bhonneagar iompair agus nascacht dhigiteach feabhsaithe atá ailínithe le hordlathas lonnaíochta athraithe


3. Strengthened Rural Economies and Communities

Cur leis an ról agus caighdeán na beatha i gceantair agus i bpobail thuaithe éagsúla an Chontae a fheabhsú agus meas a léiriú ar ár gceantair thuaithe mar cheantair atá dinimiciúil, athléimneach agus fadbhreathnaitheach.


4. Sustainable Mobility

Ár gcórais iompair a athrú agus córas iompair phoiblí éifeachtach, inbhuanaithe agus chomhtháite a sholáthar, mar aon le deiseanna siúil agus rothaíochta agus feithiclí leictreacha


5. A Strong Economy

Geilleagar iomaíoch, nuálacha agus bisiúil a fhorbairt.


6. High-Quality International Connectivity

Lántairbhe a bhaint as ár nascacht idirnáisiúnta trí infheistíocht agus acmhainn mhéadaithe i gcalafort na Fianaite agus Aerfort Chiarraí agus nascacht dhigiteach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud an Chontae agus an réigiúin trí chéile.

7. Diversity, Language, Culture and Heritage Enhancement

Éagsúlacht, teanga agus cultúr, sócmhainní áineasa agus oidhreacht nádúrtha agus thógtha an Chontae a neartú agus a chosaint

8. Low Carbon, Climate Resilient and Sustainable Society

Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú trí fhorbairt inbhuanaithe, tús áite a thabhairt do ghníomhú don athrú aeráide ar fud an Réigiún agus an Chontae, agus dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus sochaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide

9. Sustainable, Planned and Infrastructure-led Development

Straitéis a shonrú le haghaidh forbairt agus seirbhísí ar bhealach inbhuanaithe, pleanáilte agus bonneagardhírithe chun bainistíocht inbhuanaithe fuíolluisce agus acmhainní timpeallachta eile a chinntiú

10. A Healthy and Learning Region

Seirbhísí agus áiseanna feabhsaithe oideachais, sláinte agus poiblí a chur ar fáil do gach saoránach agus pobal

11. Inclusive International Region

Contae uilechuimsitheach fadbhreathnaitheach a fhorbairt laistigh de réigiún idirnáisiúnta ar an ardán domhanda

Cuimsítear sa Chroístraitéis sonraí maidir leis an ordlathas lonnaíochta agus cá háit a bhfuil fás amach anseo le dáileadh sa Chontae i dteannta le mionsonraí maidir le réamh-mheastacháin daonra agus teaghlaigh.

Faoin mbliain 2031, táthar ag súil go méadóidh an daonra an Chontae thart ar 19,000-23,000 duine agus go bhféadfadh 170,500 duine ar fad a bheith sa Chontae[1]. Ciallóidh an fás seo go mbeidh gá le tithe nua agus poist nua. Ardaíonn sé seo ceisteanna maidir le cá háit a mbeidh an pobal a bheidh sa Chontae amach anseo ag cónaí agus ag obair, cén cineál caighdeán saoil a bheidh ag an bpobal agus conas is féidir dul in oiriúnach do na dúshláin atá le sárú againn cosúil leis an athrú aeráide, difríochtaí idir an contae agus an réigiún agus éiginnteacht dhomhanda.

Tá fís straitéiseach mar bhonn leis an bPlean seo a bhfuil sé beartaithe a threoróidh forbairt an Chontae amach anseo ar bhealach inbhuanaithe, ar bhealach a léiríonn carachtar agus conláistí reatha an Chontae agus ar bhealach a fheabhsaíonn caighdeán saoil an daonra atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo.

Ar aon dul le cur chun cinn agus comhdhlúthú bailte agus sráidbhailte an phlean trí athúsáid, athchóiriú agus athghiniúint, agus cruthú foirm bhríomhar uirbeach, bunófar lonnaíochtaí ar áiteanna mealltacha iad le bheith ag maireachtáil iontu, ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu. Feidhmeoidh athghiniúint croílár uirbeach bailte agus sráidbhailte mar bhonn geilleagrach inbhuanaithe chun pobail chomhtháite a éascú agus ag an am céanna cinnteofar go mbeidh cothromaíocht idir forbairt a dhéanfar amach anseo agus caomhnú agus feabhsú thimpeallacht nádúrtha agus thógtha gach lonnaíochta agus na gceantar mórthimpeall.

Tabharfar tús áite do na nithe seo a leanas ar mhaith le fís an Phlean Forbartha Contae a chomhlíonadh:

[1] Treochlár Cur Chun Feidhme don Chreat Náisiúnta Pleanála, 2018 (DoHPLG)

- Leagfar béim ar na lonnaíochtaí atá sonraithe sa straitéis lonnaíochta mar phríomhshuíomhanna le haghaidh infheistíocht amach anseo i dtithíocht, fostaíocht, bonneagar, saoráidí sóisialta agus pobail.
- Athshuíomh na lonnaíochtaí mar phointe fócais le haghaidh seirbhísí atá ag freastal ar an gcúlchríoch tuaithe. Beidh an leibhéal soláthar seirbhíse ag teacht le méid na lonnaíochta, leis an soláthar bonneagair agus éileamh ón gcúlchríoch tuaithe a bhfuiltear ag freastal air.
- Cosnófar cáilíochtaí sainiúla an Chontae, lena n-áirítear sócmhainní sóisialta, áineasa, cultúrtha, teangeolaíocha, agus timpeallachta, agus nuair chuirtear deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán ar fáil freisin cruthófar suíomh agus caighdeán saoil ar leith do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.
- Soláthrófar bonneagar oiriúnach uisce agus fuíolluisce chun forbairt inbhuanaithe bailte agus sráidbhailte a éascú gan tionchar díobhálach a bheith ag a leithéid ar an timpeallacht.
- Cruthófar deiseanna fostaíochta, agus bainfear lántairbhe as rolladh amach na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta agus athruithe sochaíocha i dtreo na cianoibre.

## 3.3 Comhthéacs – Beartas Náisiúnta agus Réigiúnach

**Cén tionchar a bheidh ag Tionscadal Éireann 2040 agus RSES ar Réigiún an Deiscirt agus ar Chontae Chiarraí**

Cuirtear in iúl in NPF go bhfásfaidh daonra an Réigiúin 380,000 go dtí beagnach 2 mhilliún faoin mbliain 2040, agus go mbeidh thart ar 225,000 duine breise i mbun fostaíochta. Beidh idir 196,000 agus 235,500 duine breise ag cur fúthu sa réigiún idir seo agus 2026 agus idir 280,000 agus 343,500 idir seo agus 2031. Ciallaíonn sé seo go mbeidh suas le 86,000 teach nua ag teastáil faoin mbliain 2026 agus 125,000 faoin mbliain 2031. Anuas air sin, chun freastal ar ár ndaoine athraitheach, beidh gá le freagairtí lena n-áirítear ceanglas meascán tithíochta sóisialta a sholáthar, uasghrádú agus athsholáthar stoc níos sine agus ar ardchaighdeán a éascú agus tithíocht a sholáthar do theaghlaigh níos lú agus do dhaonra atá ag dul in aois.

Tá béim á leagan in NPF ar chomhdhlúthú agus ar dhlúthú fhorbairt na n-áiteanna a d'fhás go tapa le deich mbliana anuas nó mar sin agus go leor forbartha a bhí dírithe ar thithíocht mhórscála do chomaitéirí. Tá béim á leagan freisin ar dhíriú ar sholáthar saoráid áitiúil phobail agus áineasa trí infheistíocht spriocdhírithe agus athnuachan bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe trí Chistí um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe.

Glactar leis in RSES go bhfuil ról straitéiseach ag gach ceantar, idir uirbeach agus tuaithe, i gcomhthéacs na spriocanna agus cuspóirí réigiúnacha agus náisiúnta atá sonraithe a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tacaíonn RSES le fás fiontar inbhuanaithe, infheistíocht i mbonneagar seirbhísí, fisiciúil agus sóisialta, agus fás inbhuanaithe gach pobal sa Réigiún. Cuireann an straitéis fhoriomlán leis an méid atá ar fáil i gcathracha agus a mórcheantair uirbeacha mar innill fáis agus déantar iarracht, ag an am céanna, gréasán láidir bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe éagsúil Réigiún an Deiscirt a athshuíomh ar bhealach atá athléimneach ó thaobh an gheilleagair de, samhlaíoch agus cliste ar mhaithe le buntáiste iomaíoch inbhuanaithe a chothú.

Is ceanglas éigeantach é go bhfuil comhsheasmhacht san ordlathas pleanála spásúla idir pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Dá réir sin, beidh an Plean Forbartha Contae ailínithe, a mhéid is féidir, leis na cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha atá sonraithe in NPF agus RSES.

| | **2016** | **2026** | **2031** |
|---|---|---|---|
| **An tIarthar Láir** | 385000 | 436000-446000 | 460500-475500 |
| **An tOirdheisceart** | 509500 | 561000-572000 | 581500-598500 |
| **An tIardheisceart** | 690500 | 784000-802500 | 823000-854500 |
| **Iomlán** | **1585000** | **1781000-1820500** | **1865000-1928500** |
| ***Ciarraí*** | *147500* | *161000-163500* | *166500-170500* |

**Tábla 3.1: Dáileadh Réigiúnach Fáis (RSES)**

### 3.4 Prionsabail na Croístraitéise

Breithnítear sa Chroístraitéis na réimsí ar fad atá riachtanach chun pobail inbhuanaithe a sholáthar ag féachaint d'infhaighteacht bonneagair, acmhainn iompair na timpeallachta agus an gá atá le tacú le forbairt gheilleagrach. Glactar leis na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí i gcomhthéacs ullmhú na Croístraitéise:

***Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh In-athnuaite -*** Aistriú chuig contae ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, le béim ar laghdú ar éileamh fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa, trí mheascán de fhreagairtí éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe; agus cur le hathléimneacht ár gCaipiteal Nádúrtha agus Cultúrtha i gcomhthéacs athraithe aeráide trí bhearta oiriúnaithe oiriúnacha a phleanála agus a chur chun feidhme.

***Tithíocht*** - Fás inbhuanaithe gach ceantar, baile agus sráidbhaile ar fud an chontae a éascú trí iarracht a dhéanamh, a mhéid is féidir, cur ar chumas gach duine maireachtáil inár gceantair, bailte agus sráidbhailte más é sin a rogha; trí thacú leis an ngeilleagar tuaithe agus é a neartú ionas go mbeidh ar a chumas tacú le pobail thuaithe bhríomhara augs trí chomhdhlúthú agus dlúthfhorbairt lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe a chur chun cinn i suíomh mealltach a sholáthraíonn meascán oiriúnach de chonláistí tithíochta agus tacaíochta; agus trína chinntiú go bhfuil infheistíocht chomhordaithe á déanamh i mbonneagar a thacóidh le hiomaíochas geilleagrach agus a chruthóidh timpeallacht maireachtála agus oibre ar ardchaighdeán.

***Lonnaíochtaí*** - Lonnaíochtaí Chiarraí a fhorbairt mar ghréasán de bhailte agus de shráidbhailte mealltacha, inchónaithe sa chontae le leibhéil inbhuanaithe daonra, gníomhaíochta fostaíochta agus leibhéil feabhsaithe conláiste a spreagann saol agus folláine ar ardchaighdeán agus a thacaíonn le sineirge inbhuanaithe leis an taobh tíre tuaithe.

***Príomhbhailte*** - Tús áite a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe Phríomhbhailte Thrá Lí agus Chill Airne laistigh de Mhol agus Triantán Eolais Chiarraí de réir RSES.

***Pobail Inbhuanaithe*** - Pobail inbhuanaithe bhríomhara a fhorbairt i gCiarraí agus tacú leo, pobail ar féidir le daoine maireachtáil iontu, a gcuid obair a dhéanamh iontu agus tairbhe a bhaint as raon leathan saoráidí pobail, sláinte, oideachais, agus conláistí, oiriúnach do gach aois agus riachtanas, i gceantair uirbeacha agus thuaithe, agus ar an tslí sin, tacú le hardchaighdeán beatha ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint as.

***Forbairt Gheilleagrach*** - Poitéinseal forbartha geilleagraí Chiarraí a chur chun cinn agus a fheabhsú trí bhreis athléimneachta a bhunú i bhfiontar an chontae, trí thairbhe a bhaint as tallann agus nuálaíocht, agus ar an tslí sin a chinntiú go bhfuil ar chumas Chiarraí lántairbhe a bhaint as seachadadh fadtéarmach post inbhuanaithe agus caighdeán beatha feabhsaithe do chách.

***Mol agus Triantán Eolais Chiarraí***- Infheistíocht a lorg agus forbairt a éascú laistigh de Mhol agus Triantán Eolais Chiarraí mar chroílár geilleagrach an chontae.

***Forbairt Turasóireachta*** - Ciarraí a fhorbairt mar cheann scríbe aitheanta turasóireachta trí leathnú inbhuanaithe leanúnach na hearnála turasóireachta, trí bhéim a leagan ar sheirbhísí ar ardchaighdeán do chuairteoirí agus forbairt agus feabhsú leanúnach nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí do chuairteoirí, lántairbhe a bhaint as sócmhainní nádúrtha agus oidhreachta cultúrtha, agus na hacmhainní seo a chosaint do na glúnta amach romhainn.

***Soghluaisteacht agus Iompar*** - Tacú le níos mó úsáide a bheith á baint a modhanna iompair inbhuanaithe; pleanáil spásúil a chomhtháthú le pleanáil iompair; inrochtaineacht feabhsaithe contae agus réigiúnach; aistriú chuig córas iompair ísealcharbóin atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de; agus córas iompair níos sábháilte, níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos nasctha a chruthú laistigh de Chiarraí.

***Forbairt Bonneagair*** - Seirbhísí uisce, fuíolluisce, uisce dromchla agus maolaithe tuilte ar fud an chontae a chosaint, a fheabhsú agus a sholáthar, agus soláthar teicneolaíocht cumarsáide faisnéise, leathanbhanda, faisnéis teileachumarsáide agus gréasán leictreachais ar ardchaighdeán a sholáthar atá ag teastáil chun tacú le agus na príomhaidhmeanna seo a leanas a fheabhsú - an áit is fearr le maireachtáil inti, le hobair inti agus le hinfheistiú inti.

***Timpeallacht Thógtha*** - Féiniúlacht, carachtar agus oidhreacht thógtha bhailte, shráidbhailte agus cheantair thuaithe Chiarraí a aithint agus a fheabhsú trí chomhfhorbairt áite áitiúil, a mbeidh dea-dhearadh uirbeach ag tacú leis agus cruthú spásanna poiblí mealltacha atá bríomhar, sainiúil, sábháilte agus inrochtana agus a spreagann agus a éascaíonn idirghníomhaíocht shóisialta dhearfach.


***Timpeallacht Nádúrtha*** - Leanúint le hoidhreacht agus bithéagsúlacht nádúrtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil gréasáin de bhonneagar glas agus gorm á n-aithint, á gcruthú, á gcosaint agus á bhfeabhsú chun raon leathan buntáistí timpeallachta, sóisialta agus geilleagracha a chruthú do phobail; Chomh maith leis sin, eolas agus tuiscint ar thírdhreach agus ar chósta an chontae a fheabhsú, agus saintréithe, cáilíochtaí agus éagsúlacht charachtar an tírdhreacha a fheabhsú, mórtas cine is ceantair agus sainiúlacht áitiúil mar aitheantas ar phoitéinseal áineasa an chontae.

***Maoiniú -*** Lántairbhe agus úsáid a bhaint as gach sruth maoinithe atá ar fáil chun cuspóirí an phlean seo a chur i bhfeidhm. Tacú le cur chun feidhme inbhuanaithe tionscadal nuálach, comhoibritheach trí URDF, RRDF agus foinsí eile de mhaoiniú AE agus náisiúnta.

| **Prionsabail Straitéiseacha na Croístraitéise<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 3-1** | Forbairt Inbhuanaithe an Chontae a chur chun cinn de réir Chroíphrionsabail Straitéiseacha na Croístraitéise. |

### 3.5 Mapa Croístraitéise

Sonraítear sa Mhapa Croístraitéise (Léarscáil 3.1) thíos forléargas coincheapúil ar straitéis spásphleanála an Chontae. Léirítear ar an mapa seo na hionaid fáis ainmnithe agus na conairí iompair straitéiseacha sa chontae, sonraithe laistigh de chomhthéacs an réigiúin trí chéile.




**Mapa 3.1: Mapa na Croístraitéise**

### 3.5.1 Tiománaithe Geilleagracha Straitéiseacha laistigh de Chontae Chiarraí

Tá tionchar ag príomhthiománaithe geilleagracha straitéiseacha laistigh den chontae agus sa réigiún trí chéile ar na croístraitéisí agus ar na straitéisí lonnaíochta. Tá an poitéinseal ag na tiománaithe geilleagracha straitéiseacha dlús a chur faoi athrú claochlaitheach dáiríre i gCiarraí, a chiallóidh go mbeidh glacadh leis an gcontae mar cheann de na háiteanna is fearr le maireachtáil inti, le hobair inti, le hinfheistiú inti agus le cuairt a thabhairt uirthi in Éirinn. Léirítear ar Mhapa 3.1 thuas tionchar spásúil na dtiománaithe geilleagracha straitéiseacha ar Chontae Chiarraí. Tarraingítear aird ar an mapa ar an tionchar atá ag Conair Geilleagrach an Atlantaigh, Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí agus Mol agus Triantán Eolais Chiarraí ar an gcontae.

#### 3.5.1.1 Conair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA)

Tá Ciarraí suite go straitéiseach feadh Chonair Geilleagrach an Atlantaigh (CGA). Tá sé mar aidhm le CGA tairbhe a bhaint as na moil, braislí agus dobharcheantair gheilleagracha sa cheantar chun infheistíocht a mhealladh, iomaíochas a fheabhsú, tacú le jabchruthúchán agus caighdeán saoil na ndaoine a bhfuil cónaí orthu ansin a fheabhsú. Tá poitéinseal suntasach ag CGA cabhrú le fás geilleagrach Chontae Chiarraí agus an réigiúin níos leithne amach anseo. Comhdhlúthóidh braislí fáis geilleagracha Chiarraí; Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí, príomhthionscadail bhonneagair chaipitiúla faoi Thionscadal 2040; agus oscailt glasbhealach an Deiscirt amach anseo CGA. Meallfaidh CGA níos mó fiontar agus daoine chuig an gcontae agus réigiún, cabhróidh sé le dlús a chur faoi fhorbairt réigiúnach chothromaithe, agus ag an am céanna tacóidh sé le pobail láidre, bhríomhara.

### 3.5.1.2 Príomhbhailte agus Bailte Réigiúnacha

Cuirfear tuilleadh feabhais fós ar fhorbairt gheilleagrach Chiarraí trí fhorbairt an dá phríomhbhaile (Trá Lí / Cill Airne) agus ocht mbaile réigiúnacha (Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, Daingean Uí Chúis, Neidín, Cill Orglan, Lios Tuathail, Baile an Mhuilinn). Tá sé mar aidhm ag na bailte seo na láidreachtaí agus sineirgí comhlántacha idir na lonnaíochtaí seo agus a gcúlchríoch fheidhmiúil a chothabháil agus a fhorbairt, ionaid scála ardnasctha a chruthú, leis an mais chriticiúil riachtanach, i dtéarmaí daonra agus fostaíochta, chun cur ar a gcumas dul in iomaíocht agus a bpoitéinseal a bhaint amach agus dlús a chur faoi fhorbairt réigiúnach de réir an bheartais réigiúnaigh agus náisiúnta.

### 3.5.1.3 Mol agus Triantán Eolais Chiarraí

Tá Mol agus Triantán Eolais Chiarraí sainaitheanta sa Straitéis Réigiúnach Spásúil & Gheilleagrach (RSES) mar thiománaí geilleagrach don Réigiún agus tá ról lárnach ag fás amach anseo i bhforbairt inbhuanaithe an chontae trí dheiseanna fostaíochta, oiliúint ar ardchaighdeán agus deiseanna taighde a sholáthar mar aon le feidhmiú mar fhoinse spreagtha do thuilleadh gníomhaíochta geilleagraí sna ceantair níos imeallaí den chontae.

### 3.5.1.4 Gréasán Lonnaíochta Chiarraí Thuaidh/Iarthar Luimnigh/Inbhear na Sionainne/an Chláir

Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí le ról agus poitéinseal geilleagrach na mbailte bunaithe seo a leanas - Lios Tuathail, Mainistir na Féile, An Caisleán Nua (Príomhbhaile) agus Cill Rois - mar thiománaithe geilleagracha i líonra a d'fhéadfaí a bhunú idir Ciarraí Thuaidh/Iarthar Luimnigh/An Clár a bheadh nasctha le hInbhear na Sionainne. Áirítear anseo ceantar Chreatphlean Comhtháite na Sionainne (SIFP) agus suíomhanna straitéiseacha sainaitheanta faoi SIFP mar Líonra Cósta Inbhear na Sionainne.

### 3.5.1.5 Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí

Meallann Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí daoine agus infheistíocht chuig an gcontae agus réigiún, spreagann sé gníomhaíocht gheilleagrach i bhfoirm gnó agus infheistíochta mar aon le turasóireacht agus taisteal.

## 3.6 Leagan Amach agus Ábhar na Croístraitéise

Tá ábhar na gCroístraitéisí sonraithe in Alt 10 den Acht um Pleanáil agus Forbairt agus ní mór go gcuimseofaí ann:

- Spriocanna Daonra,
- Spriocanna teaghlaigh amach anseo agus cainníochtú ceanglas le haghaidh criosú talún le haghaidh úsáidí cónaithe agus nó meascán úsáidí cónaithe agus úsáidí eile; agus
- Dáileadh daonra reatha agus todhchaíoch an daonra laistigh de cheantar an phlean laistigh d'ordlathas lonnaíochta.

## 3.7 Forbairt Inbhuanaithe ar fud an Chontae

Sainaithnítear sa Phlean seo tábhacht agus príomhról phobail Chiarraí i gcur le fás agus forbairt dhearfach ar fud an Chontae.

Is sócmhainn iad pobail thuaithe Chontae Chiarraí ar cheart meas a bheith orthu agus ar cheart iad a chothabháil. Cruthaíonn éagsúlacht na bpobal tuaithe deiseanna suntasacha agus tá an poitéinseal ag an éagsúlacht seo an Contae a idirdhealú ó áiteanna eile, go háirithe i dtéarmaí an chaighdeáin saoil atá á thairiscint. Tá bailte agus sráidbhailte an Chontae ag croílár pobal tuaithe mar gur suíomhanna tábhachtacha iad le haghaidh soláthar seirbhíse, bailiú, léargas féiniúlachta, fiontar tuaithe agus tacaíochtaí sóisialta agus pobail. Aithnítear sa Phlean seo an tábhacht a bhaineann le bailte agus sráidbhailte tuaithe i ndáil le tacú leis an bpobal tuaithe trí chéile agus déantar iarracht ann, dá réir sin, athbheochan agus athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte tuaithe a chumasú mar phríomh-idirghabháil straitéiseach. Chuige sin, i gCroístraitéis an Phlean dírítear thart ar 50.5% den fhás daonra réamh-mheasta ar an gcuid sin den Chontae atá taobh amuigh de Thrá Lí agus de Chill Airne.


Tá an cur chuige seo comhsheasmhach leis an mbeartas náisiúnta (an NPF) agus go háirithe foilseachán an Rialtais dar teideal, '*Ár bPoitéinseal Tuaithe a Réadú - Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe*' (Eanáir 2017). Tarraingítear aird sa Phlean Gníomhaíochta seo ar an ról riachtanach atá ag ceantar tuaithe na hÉireann i rath geilleagrach na hÉireann agus tá sé mar aidhm leis lántairbhe a bhaint as saintréithe dearfacha na hÉireann trí chreat tacaíochtaí ag leibhéal Náisiúnta agus áitiúil.

Tá ról tábhachtach ag sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga sráidbhailte agus soláthraíonn siad seirbhísí riachtanacha i ngach ceantar tuaithe. Tá nasc idir ceantair thuaithe agus na lonnaíochtaí áirithe seo, is chuige sin atá roinnt lonnaíochtaí sráidbhailte beaga sainaitheanta agus curtha san áireamh ar fud an chontae.

### 3.8 Réamh-mheastacháin Daonra & Dáileadh Spásúil

Léiríodh i nDaonáireamh 2016 gur mhéadaigh daonra Chontae Chiarraí ó 145,502 in 2011 go dtí 147,707, méadú 1.5%. Bhí an céatadán d'ardú seo i measc na n-arduithe is ísle sa Stát, agus tugadh méadú foriomlán de 3.8% faoi deara sa Stát i rith na tréimhse céanna. Is fianaise iad na méaduithe seo ar laghdú suntasach san fhás i gcomparáid leis an tréimhse idir-daonáirimh roimhe (2006-2011), tréimhse inár mhéadaigh daonra Chiarraí 4.1%.

Tá an méadú daonra a tharla idir 2011 agus 2016 scaipthe ar fud an chontae. Tugadh laghdú daonra faoi deara sna ceantair is imeallaí in iarthar agus in iardheisceart an Chontae agus i gcodanna de thuaisceart agus d'oirthear an Chontae, agus tugadh na leibhéil is airde fás faoi deara sna toghranna in aice le bailte Thrá Lí agus Chill Airne, Neidín agus Chill Orglan.




**Mapa 3.2: Leithdháileadh Daonra 2011-2016**

## 3.9 Fás Daonra sa Todhchaí

### 3.9.1 Fás Daonra

Tá na réamh-mheastacháin daonra do Chontae Chiarraí le fáil i dTábla 3.2 thíos. Ba iad na réamh-mheastacháin daonra atá le fáil in Aguisín 1 de RSES agus Aguisín 2 den Treochlár Cur Chun Feidhme le haghaidh NPF, a bhí mar bhonn leis na tuartha daonra agus fáis d'fhorbairt an Chontae amach anseo, atá curtha san áireamh sa Phlean Forbartha seo. Tá na figiúirí NPF/RSES eachtarshuite chun na réamh-mheastacháin daonra sa chontae idir 2022 agus 2028 a oibriú amach.

| | Daonáireamh 2011 | Daonáireamh 2016 | 2026 | Ardú 2016 go dtí 2026 | 2031 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Daonra** | 145502 | 147707 | 161000 - 163500 | 13500 - 16000 | 166500 - 170500 |

**Tábla 3.2: Réamh-mheastacháin Daonra (NPF/RSES)**

Mar atá léirithe sa tábla seo, tá réamh-mheastacháin daonra níos airde luaite le haghaidh Chiarraí idir 2026 agus 2031. Chiallódh an figiúr is ísle d'fhigiúirí réamh-mheasta 2026 go mbeadh ardú 9% ar dhaonra an chontae in 2016, agus chiallódh an figiúr is airde go méadódh daonra an chontae 11%. Tá gá ann cur leis an soláthar tithíochta náisiúnta chun freastal ar éileamh reatha, neamhchomhlíonta, a mhéid agus is féidir sa mhéid is lú ama agus is féidir, agus freastal ar éileamh tithíochta náisiúnta réamh-mheasta. I gcomhthéacs na sprice soláthair tithíochta atá léirithe i dTábla 3.4, meastar go bhfuil an réamh-mheastacháin daonra níos airde oiriúnach.

Eachtarshuítear i dTábla 3.3 an réamh-mheastachán daonra agus déantar é a chionroinnt i gcomhthéacs 2028, an tréimhse lena mbaineann an Plean Forbartha Contae.

| | 2022 | 2028 | Ardú Iomlán 2022 go dtí 2028 |
|---|---|---|---|
| **Daonra** | 156902 | 166265 | 9363 |

**Tábla 3.3: Réamh-mheastacháin Daonra Chiarraí 2022-2028**

### 3.9.2 Fás Tithíochta

De réir Mhodheolaíocht na Sprice Soláthair Tithíochta le haghaidh na dTreoirlínte Pleanála Forbartha (Nollaig 2020), ní mór d'údaráis phleanála foráil a dhéanamh le haghaidh tithíochta ina bplean forbartha atá comhsheasmhach le cuspóirí pleanála náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear dlúthfhás agus comhdhlúthú bailte agus cathracha a chinntiú, chun bogadh ó phatrún forbartha atá bunaithe ar shraoilleáil scaipthe agus leibhéil neamh-inbhuanaithe de chianchomaitéireacht.

Dá réir sin, ní mór go ndéanfaí foráil i bpleananna forbartha contae tithíocht a sholáthar a mhéid is atá sainaitheanta i réamh-mheastacháin daonra Threochlár NPF dá n-údarás áitiúil agus de réir chás 50:50 NPF mar atá sonraithe i Modheolaíocht na Sprice Soláthair Tithíochta le haghaidh na dTreoirlínte Pleanála Forbartha d'Údaráis Áitiúla (Nollaig 2020). Ciallaíonn na treoirlínte seo go bhfuil dualgas ar Údaráis Phleanála breithniú a dhéanamh (le cois réamh-mheastacháin daonra NPF) ar éileamh teaghlaigh, soláthar tithíochta iarbhír nua ó 2017 agus teaghlaigh atá gan dídean. Tá mionsonraí maidir leis na fachtóirí seo curtha ar fáil ag ESRI agus tá siad breithnithe sa Chroístraitéis.

| | | An Líon Iomlán Teaghlach |
|---|---|---|
| A | Cás ESRI NPF éileamh teaghlaigh nua idir 2017 agus Ráithe 3 2028 (deireadh an phlean) | 7279 |
| B | Soláthar tithíochta nua iarbhír idir 2017 agus Ráithe 2 2021 | 1934 |
| C | Teaghlaigh gan dídean agus éileamh neamhchomhlíonta | 192 |
| L | Éileamh Tithíochta an Phlean {(A+C)-B} | 5537 |
| E | Coigeartú go dtí deireadh chuid 2026 de thréimhse an Phlean chun coinbhéirsiú chuig straitéis NPF a éascú | |
| E1 | Cás Bonnlíne ESRI éileamh teaghlaigh nua 2017 go dtí deireadh 2026 | 9155 |
| E2 | Cás ESRI NPF éileamh teaghlaigh nua idir 2027 agus Ráithe 3 2028 (deireadh an phlean) | 1050 |
| E3 | Lárphointe idir E1 agus A-E2 (ESRI NPF agus cásanna Bonnlíne go dtí deireadh 2026) | 7692 |
| E4 | **Éileamh Iomlán Coigeartaithe an Phlean** {(E2+E3+C)-B} | **7000** |

**Tábla 3.4: Modheolaíocht le haghaidh chur chun feidhme réamh-mheastachán daonra agus tithíochta NPF**

Tá an t-éileamh tithíochta seo roinnte idir lonnaíochtaí sa Chontae i gcomhréir leis an bhfás daonra réamh-mheasta de réir na Croístraitéise.

### 3.9.3 Spás Cloiginn

Cuimsítear foráil le haghaidh 'spás cloiginn' sna réamh-mheastacháin daonra idirthréimhseacha atá sonraithe in Aguisín 2 de Threochlár Cur Chun Feidhme NPF. Is féidir 'spás cloiginn' breise nach sáraíonn 25% a bhreithniú i gcontaetha ina réamh-mheastar go mbeidh an fás daonra cothrom le nó os cionn an mheán-bhonnlíne náisiúnta. Níl Ciarraí san áireamh sa liosta contaetha ar féidir an 'spás cloiginn' breise seo a chur i bhfeidhm.

**Croístraitéis**
**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:**

| | |
|---|---|
| **KCDP 3-2** | Tacú le fás inbhuanaithe agus tús áite a thabhairt do lonnaíochtaí an chontae de réir an Ordlathais Lonnaíochta agus na Croístraitéise. |
| **KCDP 3-3** | Deiseanna infheistíochta a shainaithint agus tacú leo i dteannta le soláthróirí bonneagair chun an Chroístraitéis a sheachadadh. |

## 3.10 Straitéis Lonnaíochta

Baineann tábhacht le gréasán láidir lonnaíochtaí chun leibhéil daonra sláintiúla a chothabháil agus caighdeán na beatha a fheabhsú. Sainaithnítear sa rannóg seo na lonnaíochtaí difriúla ar fud an Chontae ag féachaint dá réimsí tionchair agus dá róil straitéiseacha amach anseo.

### 3.10.1 Prionsabail na Straitéise Lonnaíochta

Seo a leanas príomhphrionsabail na Straitéise Lonnaíochta:

- Forbairt inbhuanaithe Phríomhbhailte Thrá Lí & Chill Airne a chinntiú ionas go mbeidh ar a gcumas na róil atá sainaitheanta sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach a chomhlíonadh.

- Forbairt inbhuanaithe gréasán bailte agus sráidbhailte sa chontae a chinntiú a fheidhmeoidh mar ionaid seirbhíse agus fostaíochta don chúlchríoch mórthimpeall.
- Soláthar tithíochta agus seirbhísí a éascú ag féachaint don chineál lonnaíochta.
- Forbairt inbhuanaithe an bhonneagair amach anseo a éascú chun freastal ar lonnaíochtaí sainaitheanta.

### 3.10.2 Ordlathas Lonnaíochta

Cuimsítear i Rannóg 3.3 de RSES tíopeolaíocht lonnaíochta ina sonraítear an struchtúr lonnaíochta a theastaíonn le haghaidh Réigiún an Deiscirt. Sainaithníonn an tíopeolaíocht lonnaíocht seo Cathracha/Ceantair Uirbeacha agus Príomhbhailte lena n-áirítear Trá Lí agus Cill Airne. Thug seasamh na lonnaíochtaí fágtha sa tíopeolaíocht seo aird ar na critéir atá sonraithe i rannóg 3.3 agus ar an méid seo a leanas:

- Treochtaí daonra, fostaíochta le déanaí, agus an leibhéal seirbhísí atá le fáil sna lonnaíochtaí.
- Inrochtaineacht agus tionchar geografach i gcomhthéacs réigiún/foréigiúnach agus contae.
- Carachtar na geografaíochta áitiúla agus na hinrochtaineachta mar ionad seirbhíse le haghaidh cúlchríocha tuaithe cianda agus fad-achair.
- Soláthar bonneagair nó infheistíocht bonneagair phleanáilte agus a gcumas agus oiriúnacht freastal ar fhás amach anseo.


| An Cineál Lonnaíochta | Cur Síos |
|---|---|
| Príomhbhaile | Ionad uirbeach mór le daonra ard atá ag feidhmiú mar thiománaithe réigiúnacha féinchothaitheacha, agus ionaid uirbeacha atá suite go straitéiseach le hinrochtaineacht agus tionchar suntasach i gcomhthéacs foréigiúnach. |
| Baile Réigiúnach | Bailte a sholáthraíonn feidhm tithíochta, fostaíochta nó seirbhíse. Tá an chatagóir seo leathan agus áirítear inti bailte comaitéireachta móra agus bailte níos imeallaí freisin. |
| Baile Dúiche | Bailte a fhreastalaíonn ar chúlchríoch tuaithe agus ionaid seirbhíse. |
| Sráidbhaile | Lonnaíochtaí níos lú a fhreastalaíonn ar chúlchríoch tuaithe nach bhfuil an oiread sin seirbhísí éagsúla ar fáil iontu. |
| Lonnaíochtaí i Sráidbhailte Beaga | Ag freastal ar dhobharcheantair thuaithe níos lú. Soláthraíonn siad seirbhísí áitiúla agus tá roinnt fiontar beag tuaithe le fáil i roinnt sráidbhailte cosúil leo seo. |

**Tábla 3.5: Na Cineálacha Lonnaíochta**

| Ordlathas | Lonnaíocht | |
|---|---|---|
| Príomhbhailte | • Trá Lí | • Cill Airne |
| Bailte Réigiúnacha | • Baile an Bhuinneánaigh<br>• Cathair Saidhbhín<br>• Oileán Ciarraí<br>• Daingean Uí Chúis | • Neidín<br>• Cill Orglan<br>• Lios Tuathail<br>• Baile an Mhuilinn |
| Bailte Dúiche | • Ard Fhearta<br>• Baile Uí Thaidhg | • Na Foidhrí<br>• Cill Chuimín |

| | | |
|---|---|---|
| | • Béal Átha Longfoirt<br>• An Barr Dubh<br>• Caisleán na Mainge<br>• An Fearann Fuar<br>• An Fhianait | • An Ráth Mhór<br>• An tSnaidhm<br>• Tairbeart<br>• An Coireán |
| Sráidbhailte | • Mainistir Ó dTorna<br>• Abhainn an Scáil<br>• Baile an Fheirtéaraigh<br>• Baile an Sceilg<br>• An Baile Dubh<br>• Cathair Uí Mhóráin<br>• Lios an Phúca<br>• Brosnach<br>• Caisleán Ghriaire<br>• An Tóchar<br>• Ceann Trá<br>• Baile an tSéipéil<br>• An Clochán<br>• Corra<br>• Dubháth | • Dún Géagáin<br>• An Fosadh<br>• Gleann Beithe<br>• Gníomh go Leith<br>• Cill Flainn<br>• Cill Gharbháin<br>• Baile an Ridire<br>• Cnoc na gCaiseal<br>• Lios Póil<br>• Leic Snámha<br>• Maigh Mheáin<br>• An Caladh<br>• Scairteach an Ghlinne<br>• *The Spa* |
| Lonnaíochtaí i Sráidbhailte Beaga | • An Bóthar Buí<br>• An Chillín Liath<br>• An Fheothanach<br>• An Gleann<br>• An Mhuiríoch<br>• Eas Daoi<br>• Áth an Chaisle<br>• Baile na nGall<br>• An Bunán<br>• Na Buailtíní<br>• Cé Bhréanainn<br>• Cathair Dónall<br>• An Campa<br>• An Siopa Dubh<br>• An Cloichear<br>• Cordal<br>• An Cromán | • Na Coirríní<br>• Dún Chaoin<br>• Fionnúig<br>• Gleann Chárthaigh<br>• An Inse<br>• Na Cealla<br>• Cill Ghobnait<br>• Cill Mhaoile<br>• Cnoc an Iúir<br>• An Láithreach<br>• Lios Eiltín<br>• Ladhar an Chrompáin<br>• An Sráidbhaile<br>• Tathuile<br>• An Teampall Nua<br>• Tuath Ó Siosta |

**Tábla 3.6: Ordlathas Lonnaíochta**




**Mapa 3.3. Lonnaíochtaí**

| **Straitéis Lonnaíochta**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 3-4** | Ar a laghad 30% de gach teach nua a sholáthar i bPríomhbhailte Thrá Lí agus Chill Airne laistigh de lorg tógtha reatha na lonnaíochtaí. |
| **KCDP 3-5** | Struchtúr sóisialta agus geilleagrach bailte agus sráidbhailte tuaithe a threisiú trí thacú le hathúsáid foirgneamh reatha agus le hathghiniúint foirgneamh agus tailte tearcúsáidte. |

### 3.10.3 Dáileadh Daonra

Is é an leithdháileadh fás daonra atá luaite le Trá Lí agus Cill Airne 5,098. Cinnteoidh an leithdháileadh fáis seo go mbeidh na Príomhbhailte seo ag fás breis is 30% faoin mbliain 2040 (de réir RSES) rud a chiallaíonn go mbeidh na lonnaíochtaí seo ag feidhmiú ar chriosanna uirbeacha atá sách mór chun tuilleadh fostaíochta agus daonra a mhealladh, rud a bheidh mar bhonn lena n-iomaíochas agus mealltacha mar shuíomhanna infheistíochta náisiúnta agus réigiúnacha a mhéadú.

| **Lonnaíocht** | | **Daonra & Tithíocht** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Daonra 2016 (CSO)** | **Daonra 2022 (bunaithe)** | **Fás Daonra 2022-2028** | ***Sprioc Tithíochta*** |
| **Contae** | | **147707** | **156902** | **9363** | **7000** |
| **Príomhbhaile** | Trá Lí | 23691 | 25297 | 2663 | 2087 |
| | Cill Airne | 14504 | 15487 | 1630 | 1277 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **38195** | **40784** | **4293** | **3364** |
| **Baile Réigiúnach** | Lios Tuathail | 4820 | 5127 | 529 | 415 |
| | Oileán Ciarraí | 2486 | 2644 | 359 | 281 |
| | Neidín | 2376 | 2527 | 261 | 204 |
| | Cill Orglan | 2199 | 2339 | 320 | 251 |
| | Daingean Uí Chúis | 2050 | 2181 | 282 | 221 |
| | Baile an Bhuinneánaigh | 1413 | 1503 | 204 | 160 |
| | Cathair Saidhbhín | 1041 | 1107 | 129 | 101 |
| | Baile an Mhuilinn | 928 | 987 | 273 | 214 |
| | | **17313** | **18417** | **2357** | **1847** |
| **Baile Dúiche** | Ard Fhearta | 749 | 797 | 78 | 61 |
| | Baile Uí Thaidhg | 724 | 770 | 77 | 60 |
| | Béal Átha Longfoirt | 391 | 416 | 45 | 35 |
| | An Barr Dubh | 170 | 308 | 57 | 45 |
| | Caisleán na Mainge | 176 | 187 | 37 | 29 |
| | An Fearann Fuar | 175 | 186 | 42 | 33 |
| | An Fhianait | 538 | 572 | 130 | 102 |
| | Na Foidhrí | 558 | 594 | 46 | 36 |
| | Cill Chuimín | 435 | 463 | 40 | 31 |
| | An Ráth Mhór | 790 | 840 | 73 | 57 |
| | An tSnaidhm | 288 | 306 | 27 | 21 |
| | Tairbeart | 540 | 574 | 57 | 45 |
| | An Coireán | 462 | 491 | 52 | 41 |
| | | **5996** | **6505** | **761** | **596** |
| **Sráidbhailte** | | **6698** | **7125** | **552** | **432** |
| **Lonnaíochtaí i Sráidbhailte Beaga** | | **1547** | **1646** | **465** | **186** |
| **Ceantar Tuaithe** | | **77958** | **82425** | **936** | **575** |

**Tábla 3.7: Fás Daonra & Tithíochta 2022-2028**

Nuair a bhí fás daonra á leithdháileadh chuig lonnaíochtaí eile amach anseo, breithníodh na treoirphrionsabail seo a leanas:

- Scála an daonra agus a fheidhmíocht reatha.
- Scála an tsoláthair fostaíochta, an líon post, an cóimheas idir poist agus oibrithe cónaitheora, agus glansreafaí comaitéireachta; An Chothromaíocht idir fás daonra agus soláthar fostaíochta.
- NPF (NPO 72) a chomhlíonadh i ndáil le cur chuige caighdeánaithe, srathach a idirdhealaíonn idir talamh criosaithe atá seirbhísithe agus talamh atá inseirbhíse laistigh de shaolré an phlean.
- Croístraitéisí a nascadh le bonn fianaise maidir le hinfhaighteacht agus inseachadacht tailte laistigh de na loirg thógtha reatha.
- Eolas maidir le seirbhísí agus conláistí áitiúla lena n-áirítear oideachas, sláinte, caitheamh aimsire agus miondíol.
- A mhéid is féidir modhanna taistil inbhuanaithe a spreagadh (siúl, rothaíocht nó iompar poiblí).

- Ráta agus luas na forbartha roimhe seo agus a mhéid is atá ceanglais maidir le bonneagar agus conláistí fós le comhlíonadh.
- Inrochtaineacht agus tionchar geografach i gcomhthéacs réigiúnach/foréigiúnach/contae.
- Carachtar na geografaíochta áitiúla agus na hinrochtaineachta mar ionad seirbhíse le haghaidh cúlchríocha tuaithe cianda agus fad-achair.
- Srianta timpeallachta agus bonneagair.
- Dlús agus scála oiriúnach na forbartha i gcoibhneas leis an lonnaíocht agus suíomh, lena n-áirítear rátaí difriúla agus nádúr na forbartha.
- An gá atá le roghanna mealltacha, malartacha seachas tithíocht thuaithe laistigh de bhailte agus sráidbhailte níos lú.

Tá an fás daonra fágtha de 4,265 leithdháilte ar bhailte eile sa Chontae agus sa cheantar tuaithe. Cinnteoidh sé seo go mbeidh forbairt sna bailte seo i gcomhréir le scála na mbailte seo agus an fhoráil d'fhostaíocht bhreise.

## 3.11 Criosú Talún le haghaidh Forbairt Chónaithe

Tá criosú tailte Phleananna Ceantair Áitiúla (PCAnna) na gCeantar Bardasach / Toghcheantar comhsheasmhach leis an gcroístraitéis reatha agus bheartaithe.

Nuashonrófar/athsholáthrófar na PCAnna seo thar shaolré an phlean seo (de réir na croístraitéise) ar bhealach loighciúil agus eolasach a dhéanfaidh foráil le haghaidh forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach na lonnaíochtaí agus an Chontae trí chéile.

Ní shonraítear candam tailte atá le criosú mar thailte cónaithe chun an fás daonra bheartaithe a chomhlíonadh sa Phlean seo. Tarlóidh criosú talamh cónaithe mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) na lonnaíochta ábhartha agus cuirfear san áireamh an leibhéal éileamh tithíochta atá sonraithe sa chroístraitéis (féach ar Rannóg 3.10 freisin).

Tarlóidh criosú talamh cónaithe (lasmuigh de lonnaíochtaí Thrá Lí, Chill Airne agus Lios Tuathail) mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil (PCA) na lonnaíochta ábhartha agus breithneofar an leibhéal éileamh tithíochta atá sonraithe i dTábla 3.7. Déanfar an candam seo a ríomh ag cur treoirlínte an Aire san áireamh; *Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* agus *Urban Forbairt Uirbeach agus Airdí Foirgnimh* i ndáil le dlús. Go ginearálta, beidh dlús tithíochta níos airde gar do lár bailte agus sráidbhailte agus níos ísle gar d'imeall na lonnaíochta. I bhformhór na lonnaíochtaí, tá láithreáin inlíonta agus fholmha fós ar fáil gar do lár an bhaile/an tsráidbhaile. Tá sé beartaithe tús áite a thabhairt d'fhorbairt aonad cónaithe ar na láithreáin fholmha agus inlíonta seo.

B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach, áfach, figiúr níos ísle maidir le dlús cónaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le roinnt lonnaíochtaí agus láithreán forbartha, ag brath ar an tsraith laistigh den ordlathas lonnaíochta agus suíomh laistigh de lonnaíocht. Sa chás go sainaithnítear dlús níos ísle laistigh de lonnaíochtaí, beidh an réasúnaíocht a bhaineann lena leithéid a dhéanamh bunaithe ar an gceanglas riachtanais tithíochta a chomhlíonadh le haghaidh ceantar uirbeach agus tuaithe, agus leagfar béim ar leith ar rogha mhalartach a sholáthar seachas forbairt ginte sa cheantar uirbeach a bheith le sonrú amuigh faoin tuath agus scóip agus rogha a sholáthar laistigh den mhargadh tithíochta.

| **Criosú Cónaithe**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 3-6** | Talamh a chriosú chun críche cónaithe de réir an chuir chuige Srathach atá sonraithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála. |
| **KCDP 3-7** | Plean ceantair áitiúil a ullmhú le haghaidh gach lonnaíochta atá sainaitheanta san ordlathas lonnaíochta. |

## 3.12 Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HNDA)

Cuimsítear i gCuspóir Beartais Náisiúnta 37 in NPF ceanglas Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HNDA) a ullmhú chun tacú le hullmhú straitéis tithíochta agus gach aschur beartas tithíochta gaolmhar lena n-áirítear plean forbartha contae, pleananna ceantair áitiúla agus pleananna lóistín don lucht siúil. Tá HNDA atá mar bhonn le beartais tithíochta, an straitéis tithíochta agus beartais ghaolmhara criosaithe talamhúsáide mar aon le cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir le cá háit a bhfuil réimsí beartais nó cláir infheistíochta nua le forbairt iontu.

| **Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 3-8** | A chinntiú go gcuirtear torthaí an Mheasúnaithe ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta chun feidhme agus go gcomhtháthaítear é sa Straitéis Tithíochta don chontae. |

## 3.13 Ráiteas Croístraitéise

Tá an Chroístraitéis ullmhaithe i gcomhthéacs alt 10(2A) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Is éard atá sa Chroístraitéis straitéis cainníochtúil atá dírithe ar an meántéarma agus fadtéarma maidir le forbairt spásúil an chontae agus fianaise go bhfuil an Plean Forbartha agus a chuspóirí comhsheasmhach leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá sonraithe in NPF, RSES agus ceanglais shonracha beartais phleanála i dTreoirlínte alt 28.

Soláthraíonn an Chroístraitéis réasúnaíocht thrédhearcach fhianaisebhunaithe maidir leis an méid talún atá beartaithe a chriosú mar cheantar cónaithe agus meascán úsáidí cónaithe agus úsáidí eile sa Phlean Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúla reatha / todhchaíocha. Sainaithnítear ann candam, suíomh agus céimniú na forbartha do thréimhse an Phlean atá nasctha le sprioc daonra contae, i bhfoirm ordlathas lonnaíochta.

*Tá an fás daonra agus leibhéal tithíochta molta i gCroístraitéis dhréacht-Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022 -2028 de réir na sprice daonra ará sonraithe le haghaidh Chontae Chiarraí in NPF agus RSES. Tá na straitéisí talamhúsáide a bhaineann le Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail atá le fáil in Imleabhar 2, agus na pleananna ceantair áitiúla seo a leanas, PCA CB (Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach) Thrá Lí 2018-2024, PCA CB Chill Airne 2018-2024, PCA Uíbh Ráthaigh 2019-2025, PCA CB Lios Tuathail 2020-2026 agus PCA Thoghcheantar Chorca Dhuibhne 2021-2027, comhsheasmhach leis na gCroístraitéis.*